FOIRM P11D don tréimhse
1 Eanáir 2018 go 31 Nollaig 2018

Ainm agus Seoladh an Fhostóra (áirigh Eircode)

Uimhir Chláraithe an Fhostóra

Tabhair an uimhir seo i ngach comhfhreagras le hoifig Cánach ar bith.

Seoladh Fillte d'oifig Cánach*

Nuair atá tú ag cur an tuairisceáin seo isteach úsáid clúdach litreach ar bith agus scríobh 'Saorphost' lastuas den Seoladh Fillte. Ní gá duit stampa a úsáid

*Mura dtaispeántar Seoladh Fillte d'oifig Cánach ar an leathanach seo, féach ar aon chomhfreagras le déanaí ó na Coimisinéirí chun an seoladh ar chóir an fhoirm a sheoladh a fháil nó tabhair cuairt ar **www.revenue.ie** agus cuir d'Uimhir Chláraithe an Fhostóra isteach in aimsitheoir teagmhála na gCoimisinéirí Ioncaim.

Léigh na nótaí sula gcomhlánóidh tú an fhoirm seo le do thoil.

Tuairisceán an fhostóra ar shochair, ar dhíolaíochtaí neamhairgid, agus ar íocaíochtaí nach bhfuil faoi réir ÍMAT/Muirear Sóisialta Uilíoch (MSU) a sholáthraítear do stiúrthóirí agus d'fhostaithe áirithe (Alt 897, An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997)

Éilítear ort leis seo tuairisceán a ullmhú agus a chur chugam, don tréimhse 1 Eanáir 2018 go 31 Nollaig 2018, ar mhíreanna 1 go 3 go huile lastall, i dtaca le gach fostaí (a fuair díolaíochtaí de €1,905 nó níos mó, lena n-áirítear sochair don tréimhse 1 Eanáir 2018 go 31 Nollaig 2018) agus stiúrthóirí **nár gearradh ÍMAT/ÁSPC/MSU orthu**.

Munar sholáthair tú sochair, díolaíochtaí neamhairgid nó íocaíochtaí nach raibh faoi réir ÍMAT/MSU d'fhostaithe nó do stiúrthóirí, breac 'FAIC' sa bhosca seo, sínigh an dearbhú agus seol an fhoirm ar ais chugamsa.

Is cóir an tuairisceán seo a chur isteach taobh istigh de mhí amháin den dáta eisithe.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus cuireann siad rialuithe custam i bhfeidhm. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a sholáthar chun na gcríocha seo agus chun roinnt feidhmeanna eile reachtúla a chomhlíonadh, faoi mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais faoi chúinsí áirithe sa chás go bhforáiltear seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi bheartas um chosaint sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an gcaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le eolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach Príobháideachas ar www.revenue.ie. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach é sin a iarraidh.

Ní mór duit an dearbhú seo a shíniú

Dearbhaím, ar feadh m'eolais agus mo thuairime, go bhfuil tuairisceán ceart san fhoirm seo ar na nithe a iarradh don tréimhse 1 Eanáir 2018 go 31 Nollaig 2018 de réir fhorálacha an Achta Comhdhlúite Cánacha 1997.

Síniú

Dáta / /

Cáil an tSínitheora

Is féidir teagmháil a dhéanamh liom ar an teileafón le linn gnáthuaireanta oifige ag

Stiúrthóirí/Fostaithe		1 - PRSAanna	2 - ÍMAT/MSU neamhaisíoctha	3 - Aon Sochair Neamhairgid eile nár baineadh ÍMAT/ÁSPC/MSU astu	
UPSP	**Céadainm agus Sloinne** Cuir san áireamh fiú muna bhfuil an Stiúrthóir/Fostaí ina c(h)ónaí in Éirinn	**Méid a Sholáthair an Fostóir**	**Muna bhfuarthas ÍMAT/ MSU a bhí dlite ar 'phá barúlach' ón Stiúrthóir/ ón bhFostaí roimh an dáta cuí, breac isteach méid aon ÍMAT/MSU neamhaisíoctha thíos**	**Glanluach Inréadaithe**	**Cur Síos Achomair**
1		€	€	€	
2		€	€	€	
3		€	€	€	
4		€	€	€	
5		€	€	€	
6		€	€	€	
7		€	€	€	
8		€	€	€	
9		€	€	€	
10		€	€	€	
11		€	€	€	
12		€	€	€	
13		€	€	€	
14		€	€	€	
15		€	€	€	
16		€	€	€	
17		€	€	€	
18		€	€	€	
19		€	€	€	
20		€	€	€	

Ní gá a áireamh sa tuairisceán seo ach stiúrthóirí/fostaithe a fhaigheann na nithe atá luaite.

Le héifeacht ón 1 Eanáir 2011 má sholáthraíonn fostóir áiseanna fóirdheontais nó saor in aisce maidir le cúram leanaí beidh socar inchánach ag éirí astu - Féach **www.revenue.ie**.

Ní mór Asbhaintí Cánach, ÁSPC agus MSU a dhéanamh as pá i leith an méid ioncam barúlach d'aon íocaíocht táillí ballraíochta i gcomhlacht gairme a d'íoc an fostóir thar ceann fostaí. Féach eBrief 19/2011 **www.revenue.ie/ga/tax-professionals/historic-material/ebrief/2011/no-192011.aspx** i comhair eisceachtaí don riail seo.

Nótaí

Bailíonn fostóirí na nithe seo a leanas tríd an gcóras ÍMAT: ÍMAT/ÁSPC/MSU i leith luach inchánach formhór na sochar comhchineáil, agus na sochar neamhairgid eile, a sholáthraítear d'fhostaithe.

Féach **www.revenue.ie** le haghaidh breis eolais.

Ní gá tuairisceán a thabhairt ar na nithe seo a leanas:

(a) nithe a cuireadh san áireamh sa phá comhlán chun críocha ÍMAT/ÁSPC/MSU nó a cheadaigh d'oifig Cánach go n-íocfaí iad gan asbhaint,

(b) aisíocaíocht ar chaiteachais dheimhnithe gnó a thabhaigh fostaithe thar ceann an fhostóra,

(c) aisíocaíocht ar chaiteachais a tabhaíodh go huile, go heisiach agus de riachtanas i gcomhlíonadh dualgas oifige nó fostaíochta,

(d) costais i leith gluaisteánaíochta agus cothaithe a íocadh de réir na dtreoirlínte Tax and Duty Manual 05-01-06 - 'Tax treatment of the reimbursement of Expenses of Travel and Subsistence to Office Holders and Employees',

(e) pasanna míosúla bus nó traenach atá le húsáid ar sheirbhís sceidealaithe iompar paisinéirí nó mar faigh an fostaí rothar faoi 'Scéim um Rothaíocht chun Oibre' - Féach **www.revenue.ie**,

(f) nithe a thuairisctear ar an bhFoirm CT1 i dtaca le stiúrthóirí a fhad is atá na sonraí uile atá iarrtha ar Fhoirm P11D tugtha ar Fhoirm CT1,

(g) sochar neamhairgid beag (nach mó a luach ná €500), sa chás nach soláthraítear ach sochar amháin dá léithéid in aon bhliain chánach,

(h) cóiríocht chónaithe i gcomhair fostaí i gcuid d'áitreabh gnó an fhostóra, má tá ar an bhfostaí cónaí ansin chun a c(h)uid dualgas a chomhlíonadh i gceart, agus:

(1) más amhlaidh gurbh é an gnáthnós é le deich mbliana ar a laghad roimh 29 Iúil 1958, sa chineál sin ceirde, cóiríocht chónaithe dá leithéid a sholáthar d'fhostaithe dá (h)aicme, nó

(2) más amhlaidh gur den riachtanas é, sa chineál sin ceirde, go mbeadh cónaí ar fhostaithe dá (h)aicme san áitreabh sin.

Níl feidhm ag an eisiamh seo más stiúrthóir é an fostaí ar an gcuideachta, nó ar aon fhochuideachta nó cuideachta rialaithe, nó ar aon chuideachta atá faoin rialú céanna,

(i) béilí i gceaintín ina soláthraítear béilí d'fhoireann an fhostóra go ginearálta - Féach **www.revenue.ie**,

(j) costais tabhaithe i soláthar aon phinsean, anáid, chnapshuim, aisce nó sochar dá shamhail atá le tabhairt don stiúrthóir nó do fhostaí, nó dá c(h) éile nó p(h) airtnéir sibhialta, dá bpáistí nó dá gcleithiúnaigh, ar dul ar scoir nó ar fáil bháis dóibh, (k) úsáid phríobháideach veaineanna comhlachta nuair a shásaítear **na coinníollacha uile seo** a leanas:

- soláthraíonn an fostóir an veain don fhostaí ar mhaithe le hobair an fhostaí agus éilíonn an fostóir go dtabharfaí an veain abhaile **tar éis oibre**,
- cé is moite de thaisteal ón mbaile chuig an obair agus a mhalairt ní cheadaítear aon úsáid phríobháideach eile, agus ní bhíonn aon úsáid phríobháideach iarbhír eile,
- caitheann an fostaí ar a laghad 80% dá c(h)uid ama in áit seachas láthair oibre an fhostóra lena bhfuil siad ceangailte,

(l) úsáid phríobháideach as carr nó veain a fhaigheann a chumhacht ghluaiste go heisiach ó mhótar leictreach,

(m) áis a sholáthar chun feithiclí a luchtú go leictreach agus í curtha ar fáil d'fhoireann an fhostóra i gcoitinne,

(n) ríomhairí glúine, fóin póca agus naisc idirlín ardluais a sholáthraíonn an fostóir, sa chás gur go teagmhasach amháin a bhíonn úsáid phríobháideach i gceist le hais na húsáide gnó - Féach **www.revenue.ie**,

(o) sochair ar bith eile a chomhlíonann na coinníollacha díolúine atá leagtha amach sa **www.revenue.ie**.

I dtaca le scair-roghanna agus cearta eile a dheonaítear, a fheidhmítear, a shanntar agus a eisítear faoi scéimeanna scair-roghanna neamhfhormheasta agus scéimeanna neamhfhormheasta eile, is cóir sonraí fúthu a chur ar ais ar Fhoirm RSS1. De réir eBrief Uimh. 02/15 na gCoimisinéirí Ioncaim, beidh leagan leictreonach den Fhoirm RSS1 ar fáil le híoslódáil ó **www.revenue.ie**.

Pionóis Shibhialta / Ionchúiseamh Coiriúil

Faoin dlí cánach, foráiltear go ngearrtar pionóis shibhialta agus pionóis choiriúla araon as ucht loiceadh tuairisceán a dhéanamh, as ucht tuairisceán bréagach a thabhairt, nó as ucht éascú a dhéanamh ar thuairisceán bréagach a thabhairt. I gcás ionchúiseamh coiriúil, féadfaidh sé go mbeidh duine a chiontaítear as cúisiú coire faoi dhliteanas fíneála nach mó ná €126,970 agus príosúnacht araon.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs